# Glór Cheatharlach

## Coláiste Samhraidh 2011



An slua mór a d'fhreastail ar Choláiste Samhraidh Cheatharlach anuraidh

Beidh Coláiste Samhraidh do dhéagóirí ar siúl i gCeatharlach arís i mbliana don tríú bhliain as a chéile. Tabharfaidh sé seo rogha eile do dhaltaí gur mhian leo feabhas a chur ar a gcuid Ghaeilge ach nach bhfuil fonn orthu trí seachtainí a chaitheamh i bhfad ó bhaile sa Ghaeltacht. Agus iad ag freastal ar Choláiste Samhraidh Cheatharlach 2011 bainfidh idir dhaltaí i rang a sé go scoláirí ag leibhéal na hardteistiméireachta taitneamh as taithí Gaeltachta ó chompord a mbaile féin. D'éirigh go hiontach leis an gColáiste Samhraidh anuraidh agus beifear ag súil go mór leis an rath céanna i mbliana.

Reachtálfar an cúrsa coicíse idir 9.30 r.n. agus 1.00 i.n. ó 4ú go 15ú Iúil agus beidh suas le ceithre leibhéal ar fáil ag braith ar éileamh. Beidh ranganna agus imeachtaí an chúrsa in oiriúint do na micléinn i ranganna na sóisear agus na sinsear. Mar is gnáthach is i nGaelcholáiste Cheatharlach a bheidh Coláiste Samhraidh 2011 lonnaithe.I measc na n-imeachtaí a bheidh san áireamh beidh ceachtanna Gaeilge agus seisiúin cainte, díospóireachtaí agus amhránaíocht, cluichí agus spórt chomh maith le rince céilí agus iad seo uile déanta trí mhéan na Gaeilge. Tabharfar deis do na daltaí spraoi agus spórt a bhaint as an nGaeilge, casadh le cairde nua agus ag an am céanna cur lena gcuid líofachta sa teanga. 'Sé €195 táille iomlán an Choláiste Samhraidh. Chun áit a chur in áirithe caithfear foirm iarratais comhlánaithe agus éarlais €45 a chur chuig Glór Cheatharlach go luath. Tá foirmeacha iarratais ar fail ó Ghlór Cheatharlach.

## Gaelchultúr an tSamhraidh 2011

Tosnóidh sraith nua de ranganna Ghaelchultúir ag deireadh Mhí Bealtaine i mbliana. Tá na Cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta curtha ar fáil ag Gaelchultúr i gCeatharlach le ceithre bliana anuas. Tá na cúrsaí dírithe ar gach leibhéal cumais agus caighdeáin ó ghlanthosaitheoirí go bun, meán agus ard leibhéil. Is mionchúrsa sé seachtainí atá i gceist an uair seo le ranganna oíche amháin sa tseachtain, an oíche ag braith ar an leibhéal. Tá táille speisialta €100 ar an gcúrsa samhraidh. Mar is gnáthach beidh na ranganna go léir ar siúl in oifigí Chomhairle Chontae Cheatharlach ar Bhóthar Átha Í. Gach eolas ar www.gaelchultur.com nó ó oifig Glór Cheatharlach ar 059 9158105, 085 1340047 nó eolas@glorcheat harlach.ie

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
**Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie
**www.glorcheatharlach.ie**
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Campa Samhraidh 2011

Eagraítear Campa Samhraidh trí Ghaeilge i gCeatharlach gach bliain agus beidh sé ar siúl arís an samhradh seo. Is i nGaelscoil Cheatharlach a bheidh an campa lonnaithe mar a bhíonn i gcónaí agus cuirfear fáilte roimh bhuachaillí agus cailíní. Beidh an campa oiriúnach do pháistí atá idir 7 agus 10 mbliana d'aois agus clúdóidh an táille €40 imeachtaí uile na seachtaine. I measc na n-imeachtaí beidh cluichí agus ealaín, ceardaíocht agus rince céilí chomh maith le snámh agus roinnt turasanna. Beidh an campa ar siúl ó 10.00r.n. go 2.00i.n. ón Luan 18ú go dtí an Aoine 22ú Iúil. Tá foirmeacha iarratais agus gach eolas ar fáil ó oifig Glór Cheatharlach. Níl ach caoga áit ar an gcampa agus moltar clárú gan mhoill.



Obair ealaíne déanta ag an gCampa Samhraidh anuraidh

## Grange



CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET

**GOLDEN JUBILEE OF MGR BRENDAN BYRNE**

THIS year marks the golden jubilee of the ordination of Mgr Brendan Byrne, PP. Tullow parish pastoral council invites all parishioners to join in the celebration of the jubilee Mass in the parish church on Friday, 17 June at 7.30pm, followed by refreshments in Murphy Memorial Hall. The pastoral council is also organising a gift from the parish to Fr Brendan to mark the occasion.

If any individual, group or organisation wishes to be associated with this presentation, you can make a contribution through the parish office or through any member of the pastoral council. Please place any contribution in a sealed envelope marked 'jubilee celebration'.

**MINI MARATHON**

Debbie Kavanagh and friends will be taking part in the mini marathon in Dublin on Monday 6 June in memory of Debbie's late husband Tommy Kavanagh, Kill. All proceeds will go to cancer research. Please contact Debbie on 086 6168172 for sponsorship cards

## Gaeilge an tSamhraidh i gCeatharlach

Tá clár Gaeilge spleodrach fógartha ag Glór Cheatharlach don samhradh le himeachtaí ar an sceideal a bheidh oiriúnach do gach aoisghrúpa. Am gnóthach gan dabht a bheidh ann don Ghaeilge i gCeatharlach le himeachtaí agus gníomhaíochtaí thar Mhí an Mheithimh agus Mí Iúil. Beidh Coláiste Samhraidh do dhéagóirí ó Rang 6 go Bliain 6 ar siúl idir 4 agus 15 Iúil, Campa na nÓg do pháistí óga ó 11-15 Iúil agus Campa Samhraidh do pháistí bunscoile ó 18-22 Iúil. Beidh sraith nua de Chúrsaí Gaelchultúir do dhaoine fásta ar siúl chomh maith. Tá gach eolas faoi Gaeilge an tSamhraidh i gCeatharlach ar fáil ó Glór Cheatharlach. Buail isteach chuig an oifig nua ar Shráid an Coláiste atá díreach trasna ón Ardeaglais. Is féidir glaoch a chur ar ar 059 9158105 nó 085 1340047 nó scríobh chuig eolas@glorcheathar lach.ie




Oifig nua Ghlór Cheatharlach ar Shráid an Choláiste.

## Campa na nÓg 2011

Beidh Campa na nÓg ar siúl i Naíonra Ghráig Chuilinn ón 11ú go 15ú Iúil i mbliana. Leanfar leis an spórt agus spraoi trí Ghaeilge ó 10.00r.n.- 1.00i.n. ó Luan go hAoine. Beidh meascán d'imeachtaí oiriúnach do pháistí idir 4 agus 6 bliana d'aois idir ealaín agus ceardaíocht, cluichí agus amhránaíocht, scéalaíocht agus turas chuig ionad spraoi. Tá costas €40 ar Champa na nóg. Gach eolas ó Lorraine ar (085) 7377041 nó ó oifig Ghlór Cheatharlach.



Ag dul tríd na fonsaí ag Campa na nÓg anuraidh